2024/2515

26.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2515 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an bhfearann ‘úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide’ le haghaidh na bliana tagartha 2025

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 6 (1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Chun na riachtanais maidir le staidreamh a chumhdach i dtaca leis na topaicí mionsonraithe ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, is gá líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an tacar sonraí san fhearann ‘úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide’ le haghaidh na bliana tagartha 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teidil na n-athróg san fhearann ‘úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide’ le haghaidh na bliana tagartha 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

Líon agus teidil san fhearann ‘úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide’ le haghaidh na bliana tagartha 2025

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
01. Míreanna teicniúla – 15 athróg theicniúla shainordaitheacha, 2 athróg theicniúla roghnacha	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	REFYEAR	Bliain an tsuirbhé
	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	INTDATE	Dáta tagartha – dáta an chéad agallaimh
	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	STRATUM_ID	Sraith
	Faisnéis maidir le bailiú sonraí	PSU	Aonad samplála príomhúil
	Aitheantas	HH_ID	Aitheantas an teaghlaigh
	Aitheantas	IND_ID	Aitheantas an duine aonair
	Aitheantas	HH_REF_ID	Aitheantas an teaghlaigh a mbaineann an duine aonair leis
	Ualuithe	HH_WGHT	Ualach an teaghlaigh
	Ualuithe	IND_WGHT	Ualach an duine aonair
	Tréithe an agallaimh	TIME	Fad an agallaimh
	Tréithe an agallaimh	INT_TYPE	Cineál an agallaimh
	Logánú	TÍR	Tír chónaithe
	Logánú	GEO_NUTS1	Réigiún cónaithe
	Logánú	GEO_NUTS2 (roghnach)	Réigiún cónaithe (roghnach)
	Logánú	GEO_NUTS3 (roghnach)	Réigiún cónaithe (roghnach)
	Logánú	DEG_URBA	An leibhéal uirbithe
	Logánú	GEO_DEV	Suíomh geografach

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
02. Tréithe daoine agus tréithe teaghlaigh – 7 n-athróg a bailíodh, 1 athróg a díorthaíodh, 8 n-athróg roghnacha	Déimeagrafaíocht	SEX	Gnéas
	Déimeagrafaíocht	YEARBIR	Bliain bhreithe
	Déimeagrafaíocht	PASSBIR	Breithlá na bliana seo thart
	Déimeagrafaíocht	AGE	Aois, i mblianta iomlána
	Saoránacht agus stádas imirce	CITIZENSHIP	Tír na príomhshaoránachta
	Saoránacht agus stádas imirce	CNTRYB	Tír bhreithe
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_POP	Méid an teaghlaigh (líon ball den teaghlach)
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_POP_16_24 (roghnach)	Líon ball den teaghlach idir 16 agus 24 bliana d'aois (roghnach)
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_POP_16_24S (roghnach)	Líon na mac léinn sa teaghlach idir 16 agus 24 bliana d'aois (roghnach)
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_POP_25_64 (roghnach)	Líon ball den teaghlach idir 25 agus 64 bliana d'aois (roghnach)
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_POP_65_74 (roghnach)	Líon ball den teaghlach idir 65 agus 74 bliana (roghnach)
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_POP_75_MAX (roghnach)	Líon ball den teaghlach atá 75 bliana nó os a chionn (roghnach)
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_CHILD	An líon leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_CHILD_14_15 (roghnach)	Líon na leanaí idir 14 agus 15 bliana d'aois (roghnach)
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_CHILD_5_13 (roghnach)	Líon na leanaí idir 5 agus 13 bliana d'aois (roghnach)
	Comhdhéanamh teaghlaigh	HH_CHILD_LE_4 (roghnach)	Líon na leanaí atá 4 bliana d'aois nó faoina bhun (roghnach)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
03. Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair – 5 athróg a bailíodh, 3 athróg roghnacha	Stádas príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe)	MAINSTAT	Stádas príomhghníomhaíochta (féin-sainmhínithe)
	Saintréithe poist bunúsacha	STAPRO	Stádas fostaíochta sa phríomhphost
	Saintréithe poist bunúsacha	NACE1D (roghnach)	Gníomhaíocht eacnamaíoch aonad áitiúil an phríomhphoist (roghnach)
	Saintréithe poist bunúsacha	ISCO2D	Gairm sa phríomhphost
	Saintréithe poist bunúsacha	OCC_ICT	Gairmí TCF nó gairmí neamh-TCF
	Saintréithe poist bunúsacha	OCC_MAN	Oibrí láimhe nó oibrí intleachta
	Saintréithe poist bunúsacha	EMPST_WKT (roghnach)	Príomhphost lánaimseartha nó páirtaimseartha (féin-sainmhínithe) (roghnach)
	Fad an chonartha	EMPST_CONTR (roghnach)	Buaine an phríomhphoist (roghnach)
04. Gnóthachtáil oideachais agus cúlra oideachais – 1 athróg a bailíodh, 1 athróg a díorthaíodh	Leibhéal gnóthachtála oideachais	ISCEDD	Leibhéal gnóthachtála oideachais (leibhéal oideachais is airde a cuireadh i gcrích go rathúil)
	Leibhéal gnóthachtála oideachais	ISCED	Leibhéal gnóthachtála oideachais comhiomlánaithe
05. Ioncam, tomhaltas agus gnéithe rachmais, lena n-áirítear fiacha – 1 athróg a bailíodh	Ioncam, tomhaltas agus gnéithe rachmais, lena n-áirítear fiacha	HH_IQ5	Glanioncam iomlán míosúil reatha an teaghlaigh ar an meán
06. Rannpháirtíocht sa tsochaí faisnéise – 120 athróg a bailíodh, 26 athróg roghnacha, 1 athróg a díorthaíodh	Rochtain ar TFC	IACC	Rochtain an teaghlaigh ar an idirlíon sa bhaile (trí aon ghaireas)
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IU	An úsáid is déanaí a baineadh as an idirlíon, trí aon ghaireas cumasúcháin
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IFUS	Meánmhinicíocht úsáide an idirlín le 3 mhí anuas
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IUG_DKPC	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar ríomhaire deisce

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IUG_LPC	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar ríomhaire glúine
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IUG_TPC	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar tháibléad
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IUG_MP	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar fhón póca nó fón cliste
	Úsáid TFC agus minicíocht na húsáide sin	IUG_OTH1	An úsáid a baineadh as an Idirlíon le 3 mhí anuas ar ghairis eile (mar shampla teilifís chliste, callairí cliste, consól cluichí, léitheoir ríomhleabhar, uaireadóir cliste)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUEM	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le ríomhphoist a sheoladh/a ghlacadh
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPH1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le glaonna a chur (lena n-áirítear físghlaonna) ar an idirlíon
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUSNET	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le páirt a ghlacadh ar na meáin shóisialta (próifíl úsáideora a chruthú, teachtaireachtaí a phostáil nó rannchuidithe eile)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUCHAT1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le teachtaireachtaí meandracha (teachtaireachtaí a mhalartú)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUNW1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le suíomhanna nuachta ar líne, nuachtáin nó irisí nuachta a léamh
	Gníomhaíochtaí idirlín	IHIF	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le faisnéis a lorg maidir le cúrsaí sláinte (amhail faisnéis maidir le gortuithe, galair, an cothú, feabhas a chur ar an tsláinte)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IHIFPH	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le faisnéis a lorg faoi shláinte fhisiceach (amhail faoi shiomtóim an fhliú, brú fola ard, cógas le haghaidh péine, gnáthaimh mháinliachta, cothú, bearta lena gcuirtear an tsláinte chun cinn)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IHIFMH	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le faisnéis a lorg faoin meabhairshláinte (mar shampla, maidir le tnáitheadh, dúlagar, imní, neamhoird itheacháin, strus a laghdú)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUIF	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaith le faisnéis a fháil maidir le hearraí agus seirbhísí
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUIFSP	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le faisnéis a fháil faoi shábháilteacht táirgí (faisnéis faoi rioscaí nó guaiseacha sláinte gaolmhara, comhdhéanamh, treoracha maidir le húsáid shábháilte, sonraí teagmhála chun saincheisteanna sábháilteachta a thuairisciú)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUPOL2	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le tuairimí a nochtadh maidir le saincheisteanna sibhialta nó saincheisteanna polaitiúla ar shuíomhanna idirlín nó ar na meáin shóisialta
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUVOTE	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le bheith rannpháirteach i gcomhairliúcháin ar líne nó i vótaí chun saincheisteanna sibhialta nó polaitiúla a shainmhíniú (amhail pleanáil uirbeach, achainí a shíniú)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUJOB	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le post a chuardach nó iarratas ar phost a sheoladh
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUSELL	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le hearraí nó seirbhísí a dhíol trí shuíomh gréasáin nó aip
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUBK	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas chun críche príobháidí ar mhaithe le ríomhbhaincéireacht (lena n-áirítear baincéireacht mhóibíleach)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAI	An úsáid idirlín a baineadh as aon uirlis intleachta saorga giniúnaí chun ábhar a chruthú amhail téacs, íomhánna, cód ríomhchlárúcháin, nó físeáin, le 3 mhí anuas
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAIPR	An úsáid idirlín a baineadh as uirlisí Intleachta Saorga giniúnaí le 3 mhí anuas chun críche príobháidí
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAIWP	An úsáid idirlín a baineadh as uirlisí Intleachta Saorga giniúnaí le 3 mhí anuas chun críche gairmiúla (oibre)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAIFE	An úsáid idirlín a baineadh as uirlis Intleachta Saorga giniúnaí le 3 mhí anuas ar mhaithe le hoideachas foirmiúil (amhail an scoil nó an ollscoil)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUAIR	An phríomhchúis nár baineadh úsáid as uirlisí Intleachta Saorga giniúnaí le 3 mhí anuas
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOLC	An úsáid a baineadh as an idirlín le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críche oideachasúla, gairmiúla nó príobháidí, trí chúrsa ar líne a dhéanamh
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOLM	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críche oideachasúla, gairmiúla nó príobháidí trí ábhar foghlama ar líne a úsáid seachas cúrsa iomlán ar líne (amhail físeáin teagaisc, seimineáir ghréasáin, téacsleabhair leictreonacha, aipeanna foghlama nó ardáin foghlama)
	Gníomhaíochtaí idirlín	IUOCIS1	An úsáid a baineadh as an idirlíon le 3 mhí anuas ar mhaithe le gníomhaíochtaí foghlama a chleachtadh chun críche oideachasúla, gairmiúla nó príobháidí trí chumarsáid a dhéanamh le hoideachasóirí nó le foghlaimeoirí agus úsáid á baint as uirlisí fuaime ar líne nó uirlisí físe ar líne
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIP	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí a thug rochtain don fhreagróir ar fhaisnéis faoi féin a bhí stóráilte ag na húdaráis phoiblí nó ag na seirbhísí poiblí (amhail faisnéis maidir le [samplaí náisiúnta])

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIDB	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lena bhfuair an freagróir rochtain ar fhaisnéis ó bhunachair sonraí phoiblí nó ó chláir (amhail faisnéis maidir le infhaighteacht leabhar i leabharlanna poiblí, cláir chadastracha, cláir fiontair)
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOV12IF	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lena bhfuair an freagróir rochtain ar fhaisnéis (mar shampla, maidir le seirbhísí, sochair, teidlíochtaí, dlíthe, uaireanta oscailte)
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVIX	Ní bhfuair an freagróir rochtain ar aon taifead pearsanta ná bunachair sonraí ná ní bhfuair sé aon fhaisnéis trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOV12FM	Foirmeacha oifigiúla íoslódáilte nó priontáilte ag an bhfreagróir ó shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVAPR	Coinne nó áirithint a rinne an freagróir trí shuíomh gréasáin nó aip leis na húdaráis phoiblí nó leis na seirbhísí poiblí (amhail leabhar a chur in áirithe i leabharlann phoiblí, coinne a dhéanamh le státseirbhíseach nó le soláthraí cúraim sláinte de chuid an stáit) chun críche príobháidí le 12 mhí anuas
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVPOST (roghnach)	Aon chumarsáid oifigiúil nó aon doiciméad a fuair an freagróir arna seoladh ag údaráis phoiblí trí chuntas an fhreagróra ar shuíomh gréasáin nó ar aip (ainm na seirbhíse, más infheidhme sa tír) údarás nó seirbhísí poiblí (amhail fógra maidir le fíneáil nó sonraisc, litreacha; seirbheáil toghairme, doiciméad na cúirte [samplaí náisiúnta]) chun críche príobháidí le 12 mhí anuas. Aon úsáid a bhaintear as ríomhphost nó SMS chun teachtaireachtaí nó fógraí a sheoladh chun a chur in iúl go bhfuil doiciméad ar fáil, ba cheart í a eisiamh (roghnach)
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVTAX2	Dearbhú cánach an fhreagróra féin atá líonta isteach, curtha in eagar, athbhreithnithe nó formheasta trí shuíomh gréasáin nó trí aip chun críche príobháidí le 12 mhí anuas
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVODC	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lena n-iarrann an freagróir doiciméid nó teastais oifigiúla (amhail teastas maidir le bronnadh céime, breith, pósadh, colscaradh, bás, cónaí, nó taifid phóilíneachta nó choiriúla [samplaí náisiúnta])
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVBE	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, gníomhaíochtaí lenar éiligh an freagróir teidlíochtaí nó sochair (amhail pinsean, sochar dífhostaíochta, liúntas leanaí, clárú scoile, clárú ollscoile [samplaí náisiúnta])

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVRCC	Gníomhaíochtaí trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí chun críche príobháidí le 12 mhí anuas, arb é atá iontu iarrataí, éilimh nó gearáin eile a rinne an freagróir (amhail gadaíocht a thuairisciú do na póilíní, gearán dlíthiúil a thionscnamh, cúnamh dlí a iarraidh, tús a chur le caingean shibhialta chun cúiteamh a ghnóthú os comhair cúirte [samplaí náisiúnta])
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVNN	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – ní raibh ar an bhfreagróir aon doiciméad a iarraidh ná aon éileamh a dhéanamh
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVLS	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – easpa scileanna nó eolais (amhail gan a fhios a bheith ag an bhfreagróir conas an suíomh gréasáin nó an aip a úsáid nó iad a bheith róchasta lena n-úsáid)
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVSEC	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – ábhair imní maidir le slándáil sonraí pearsanta nó gan bheith toilteanach chun íocaíocht a dhéanamh ar líne (calaois cártaí creidmheasa)
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVEID (roghnach)	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – easpa ríomhshínithe, ríomh-shainaitheantais gníomhachtaithe nó aon uirlis eile chun an ríomh-shainaitheantas a úsáid (uirlisí is gá chun na seirbhísí a úsáid) [samplaí náisiúnta] (roghnach)
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVOP	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – rinne duine eile amhlaidh thar ceann an fhreagróra (amhail comhairleoir nó duine muinteartha)
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVNAP (roghnach)	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó trí aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – ní raibh aon seirbhís ar líne den sórt sin ar fáil (roghnach)
	Plé le húdaráis phoiblí	IRGOVOTH	Na cúiseanna nár iarradh aon doiciméad oifigiúil nó nach ndearnadh aon éileamh trí shuíomh gréasáin nó aip na n-údarás poiblí nó na seirbhísí poiblí le 12 mhí anuas – cúis eile
	Plé le húdaráis phoiblí	IGOVANYS	Bhí an freagróir i dteagmháil leis na húdaráis phoiblí
	Plé le húdaráis phoiblí	IEID	Úsáid a bhain an freagróir as a ríomh-shainaitheantas [liosta náisiúnta de gach eID tírshonrach, atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó suntasach dearbhaithe acu faoi Rialachán eIDAS ([1])] chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne chun críoch príobháideach le 12 mhí anuas

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2515/oj

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Plé le húdaráis phoiblí	IEIDOC	Na cineálacha seirbhísí ar bhain an freagróir úsáid as ríomh-shainaitheanta(i)s ina leith [liosta náisiúnta de gach eID tírshonrach, atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó suntasach dearbhaithe acu faoi Rialachán eIDAS] le 12 mhí anuas – seirbhísí arna soláthar ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí thír chónaithe an fhreagróra (amhail dearbhú cánach an fhreagróra a thíolacadh, iarratas a dhéanamh ar shochair shóisialta, deimhnithe oifigiúla a iarraidh, rochtain a fháil ar thaifid sláinte freagróra [samplaí náisiúnta])
	Plé le húdaráis phoiblí	IEIDEC	Na cineálacha seirbhísí ar bhain an freagróir úsáid as eID ina leith [liosta náisiúnta de gach eID tírshonrach, atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó suntasach dearbhaithe acu faoi Rialachán eIDAS] le 12 mhí anuas – seirbhísí arna soláthar ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí tíortha Eorpacha eile (amhail dearbhú cánach an fhreagróra a chur isteach, doiciméid nó deimhnithe oifigiúla a iarraidh [samplaí náisiúnta]) (más infheidhme sa tír)
	Plé le húdaráis phoiblí	IEIDBS	Na cineálacha seirbhísí ar bhain an freagróir úsáid as eID [liosta náisiúnta de gach eID tírshonrach, atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó suntasach dearbhaithe acu faoi Rialachán eIDAS] le 12 mhí anuas - seirbhísí arna soláthar ag an earnáil ghnó (amhail rochtain a fháil ar sheirbhísí baincéireachta, logáil isteach ar sheirbhísí iompair, sainaitheantas trí ríomh-shainaitheantas, mar shampla ar mhargadh digiteach, [samplaí náisiúnta]) (más infheidhme sa tír)
	Plé le húdaráis phoiblí	IREIDNA	Cúiseanna nár úsáideadh aon eID atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó leibhéal suntasach dearbhaithe aige faoi Rialachán eIDAS le 12 mhí anuas – ní raibh a fhios ag an bhfreagróir go raibh ríomh-shainaitheantas ann
	Plé le húdaráis phoiblí	IREIDNO	Cúiseanna nár úsáideadh aon eID atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó leibhéal suntasach dearbhaithe aige faoi Rialachán eIDAS le 12 mhí anuas – níl eID ag an bhfreagróir
	Plé le húdaráis phoiblí	IREIDNN	Cúiseanna nár úsáideadh aon eID atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó leibhéal suntasach dearbhaithe aige faoi Rialachán eIDAS le 12 mhí anuas – níor ghá don fhreagróir rochtain a fháil ar aon seirbhísí ar líne a raibh ríomh-shainaitheantas ag teastáil ina leith
	Plé le húdaráis phoiblí	IREIDSEC	Cúiseanna nár úsáideadh aon eID atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó leibhéal suntasach dearbhaithe aige faoi Rialachán eIDAS le 12 mhí anuas – mothaíonn an freagróir neamhshábháilte á úsáid (údair imní maidir le slándáil TFC, cosaint sonraí pearsanta)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Plé le húdaráis phoiblí	IREIDTEC	Cúiseanna nár úsáideadh aon eID atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó leibhéal suntasach dearbhaithe aige faoi Rialachán eIDAS le 12 mhí anuas – saincheisteanna inúsáidteachta/teicniúla (e.g. ródheacair nó gan léitheoir iomchuí cártaí a bheith ann, neamh-chomhoiriúnacht bogearraí, níor glacadh leis i gcás na seirbhísí ar gá don fhreagróir rochtain a fháil orthu)
	Plé le húdaráis phoiblí	IREIDDEV	Cúiseanna nár úsáideadh aon eID atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó leibhéal suntasach dearbhaithe aige faoi Rialachán eIDAS le 12 mhí anuas – ní fhéadfadh an freagróir an ríomh-shainaitheantas a úsáid chun rochtain a fháil ar an tseirbhís ar líne trí fhón cliste nó táibléid
	Plé le húdaráis phoiblí	IREIDOTH	Cúiseanna nár úsáideadh aon eID atá aitheanta go hoifigiúil ag údaráis phoiblí nó ag seirbhísí poiblí agus a bhfuil leibhéal ard nó leibhéal suntasach dearbhaithe aige faoi Rialachán eIDAS le 12 mhí anuas – cúiseanna eile
	Ríomhthráchtáil	IBUY	An ceannach deireanach nó an t-ordú deireanach d'earraí nó de sheirbhísí ar an idirlíon le haghaidh úsáid phríobháideach
	Ríomhthráchtáil	BPHG	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le táirge fisiceach (amhail éadaí, leabhair, seachadtaí ó bhialanna, cosmaidí, troscán nó leictreonaic) a cheannach ó ghnóthais nó ó dhaoine príobháideacha (lena n-áirítear earraí athláimhe) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BSIMC	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le síntiús leis an idirlín nó le naisc fóin chliste a cheannach trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BSUTIL	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le síntiús le seirbhísí soláthar leictreachais, uisce nó téimh, diúscartha dramhaíola nó seirbhísí dá samhail sin trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BTPS_E	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le seirbhísí taistil a cheannach ó fhiontair amhail ticéad bus, eitleáin nó traenach nó turas tacsaí trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BRA_E	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le cóiríocht a fháil ar cíos ó fhiontair amhail óstáin nó gníomhairí taistil trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BTICK2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le ticéid a cheannach le haghaidh imeachtaí (amhail ceolchoirmeacha, an phictiúrlann, imeachtaí spóirt, aontaí) trí shuíomh gréasáin nó trí aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BBOOK2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le ríomhleabhair nó closleabhair a cheannach mar íoslódálacha (lena n-áirítear nuashonruithe) trí shuíomh gréasáin nó trí aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BSOFT2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le bogearraí a cheannach mar íoslódálacha (lena n-áirítear nuashonruithe) trí shuíomh gréasáin nó trí aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2515/oj

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Ríomhthrách táil	BGAMES2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le cluichí a cheannach mar íoslódálacha (lena n-áirítear nuashonruithe) nó míreanna fíorúla i gcluichí trí shuíomh gréasáin nó trí aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthrách táil	BMUSS2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le síntiús íoctha (lena n-áirítear síntiúis atá ann cheana agus síntiúis nua) le seirbhís sruthaithe ceoil le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthrách táil	BFLMS2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le síntiús íoctha (lena n-áirítear síntiúis atá ann cheana agus síntiúis nua) le seirbhísí sruthaithe scannán, sraitheanna nó spóirt le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthrách táil	BBOOKNLS2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le síntiús íoctha (lena n-áirítear síntiúis atá ann cheana agus síntiúis nua) le suíomhanna nuachta ar líne, nuachtáin ar líne (ríomhnuachtáin) nó irisí ar líne trí shuíomh gréasáin nó trí aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthrách táil	BGAMSS	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le síntiús íoctha (lena n-áirítear síntiúis atá ann cheana agus síntiúis nua) le seirbhísí sruthaithe cluichí le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthrách táil	BHLFTS2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le síntiús íoctha (lena n-áirítear síntiúis atá ann cheana agus síntiúis nua) le haipeanna a bhaineann le sláinte nó le haclaíocht le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthrách táil	BAPP2	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le síntiús íoctha (lena n-áirítear síntiúis atá ann cheana agus síntiúis nua) le haipeanna eile (amhail aipeanna a bhaineann le foghlaim teangacha, taisteal, aimsir) le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthrách táil	BCEPG	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le hearraí fisiceacha a cheannach ó dhuine príobháideach trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas [samplaí náisiúnta]
	Ríomhthrách táil	BTPS_PP	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le seirbhísí iompair a cheannach ó dhuine príobháideach trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas [samplaí náisiúnta]
	Ríomhthrách táil	BRA_PP	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le cóiríocht a cheannach ó dhuine príobháideach trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas [samplaí náisiúnta]
	Ríomhthrách táil	BHHS_PP	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le seirbhísí teaghlaigh a cheannach, amhail seirbhísí glantacháin, feighlíocht leanaí, deisiúcháin, garraíodóireachta, ó dhaoine príobháideacha trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas [samplaí náisiúnta]
	Ríomhthrách táil	BOTS (roghnach)	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le haon seirbhís eile a cheannach (seachas seirbhísí airgeadais agus árachais) trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas (roghnach)
	Ríomhthrách táil	BF	An líon uaireanta a ceannaíodh earraí nó seirbhísí ar an idirlíon trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Ríomhthráchtáil	BPSH	Fadhbanna sábháilteachta nó sláinte (amhail tógáil, ábhar nó bogearraí an táirge ba chúis le tionóisc, gortú, nó saincheist sláinte) a tharla le 3 mhí anuas de thairbhe táirgí a ceannaíodh ar líne roimhe sin
	Ríomhthráchtáil	BFIN_IN1	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le polasaithe árachais, lena n-áirítear árachas taistil, a cheannach, chomh maith le hárachas mar phacáiste in éindí le ticéad eitleáin, mar shampla, trí shuíomh gréasáin nó aip chun críoch príobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BFIN_CR1	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le hiasacht morgáiste a fháil nó chun creidmheas ó bhanc nó ó sholáthraithe airgeadais eile a shocrú trí shuíomh gréasáin nó aip chun críoch príobháideach le 3 mhí anuas
	Ríomhthráchtáil	BFIN_SH1	An úsáid a baineadh as an idirlíon ar mhaithe le scaireanna, bannaí, aonaid cistí nó sócmhainní airgeadais eile a cheannach nó a dhíol trí shuíomh gréasáin nó aip chun críoch príobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BTFW1	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: bhí an suíomh gréasáin deacair le húsáid nó níor oibrigh sé go sásúil (mar shampla bhí sé róchasta, chothaigh sé mearbhall, níor fheidhmigh sé go maith ó thaobh na teicneolaíochta de) agus ceannach á dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BDGL1	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: fadhbanna le teacht ar fhaisnéis faoi ráthaíochtaí nó faoi chearta dlíthiúla eile agus ceannach á dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BSPD1	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: luas seachadta is moille ná mar a tugadh le fios agus ceannach á dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BCPR1	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: costais deiridh níos airde ná mar a tugadh le fios (amhail táillí idirbheartaíochta nach raibh coinne leo nó táillí ráthaíochta gan údar) agus ceannach á dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BWDN1	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: seachadadh earraí nó seirbhísí míchearta nó damáistithe tar éis ceannach a dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BFRA1	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: fadhbanna calaoise (mar shampla ní bhfuarthas earraí ná seirbhísí ar bith, rinneadh mí-úsáid ar shonraí cárta creidmheasa) agus ceannach á dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BCR1	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: ba dheacair gearán a dhéanamh nó sásamh a lorg nó ní bhfuarthas freagairt shásúil agus ceannach á dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BDNS1	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: níor dhíol an miondíoltóir eachtrach earraí nó seirbhísí i dtír an fhreagróra agus ceannach á dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BOTH2	Fadhbanna leis an ríomhthráchtáil: fadhbanna eile tar éis ceannach a dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	BARR2X	Gan aon fhadhb ann tar éis ceannach a dhéanamh ar líne trí shuíomh gréasáin nó aip le haghaidh úsáid phríobháideach le 3 mhí anuas
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUPSX (roghnach)	Fadhbanna a tharla agus an t-idirlíon á úsáid le 3 mhí anuas a réiteach — ní raibh aon fhadhb ag an bhfreagróir (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUPSSE (roghnach)	Fadhbanna a tharla agus an t-idirlíon á úsáid le 3 mhí anuas a réiteach — d'iarr an freagróir cuidiú ar dhuine (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUPSFIX (roghnach)	Fadhbanna a tharla agus an t-idirlíon á úsáid le 3 mhí anuas a réiteach — réitigh na freagróirí féin an fhadhb, nó rinne sé iarracht an fhadhb a réiteach (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUPSNO (roghnach)	Fadhbanna a tharla agus an t-idirlíon á úsáid le 3 mhí anuas a réiteach — ní dhearna an freagróir aon iarracht an fhadhb a réiteach (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUPSOTH (roghnach)	Fadhbanna a tharla agus an t-idirlíon á úsáid le 3 mhí anuas a réiteach — seachas cuidiú ó dhuine eile chun an fhadhb a réiteach, an fhadhb a shocrú nó iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach iad féin nó gan iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUN (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — ní raibh aon ghá ag an bhfreagróir (toisc nach raibh an t-idirlíon úsáideach, ní raibh sé suimiúil, etc.) (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUTD (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — mheas an freagróir go raibh sé ródheacair an t-idirlíon a úsáid (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUCH (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — bhí dúshláin fhisiceacha nó intinne ag an bhfreagróir maidir leis an idirlíon a úsáid (lena n-áirítear míchumas coirp, lagú amhairc, néaltrú, riachtanais speisialta, nó míchumas eile) (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUSP (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — bhí imní ar an bhfreagróir faoi shlándáil nó faoi phríobháideachas, bhí eagla air go gcuirfí camscéim air nó go ndéanfaí ciapadh air ar líne (roghnach)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUCO (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — mheas an freagróir go raibh costais an naisc idirlín nó an trealaimh ró-ard (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUNO (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — Tá an freagróir i gcoinne an idirlín go ginearálta, agus níl muinín aige as an bhfaisnéis ar an idirlíon (roghnach)
	Bacainní agus fadhbanna a bhaineann lena húsáid	IUNUOTH (roghnach)	Na cúiseanna nár úsáideadh an t-idirlíon le 3 mhí anuas — cúiseanna eile seachas gan ghá a bheith leis, é a bheith ródheacair, dúshláin fhisiceacha nó mheabhracha, imní faoi shlándáil, príobháideachas, eagla go gcuirfí camscéim orthu nó go ndéanfaí ciapadh orthu ar líne, costais ró-ard, gan aon mhuinín as faisnéis ar an idirlíon nó a bheith i gcoinne an idirlín (roghnach)
	Scileanna digiteacha	CXFER1	Gníomhaíochtaí a rinneadh le 3 mhí anuas chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar bhain comhaid a chóipeáil nó a aistriú (amhail doiciméid, sonraí, íomhánna, físeán) idir fillteáin, gairis (mar shampla, trí ríomhphost, teachtaireachtaí meandracha, cábla USB) nó ar an néal
	Scileanna digiteacha	CINSAPP1	Gníomhaíochtaí a rinneadh le 3 mhí anuas chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar bhain bogearraí nó aipeanna a íoslódáil nó a shuiteáil
	Scileanna digiteacha	CCONF1	Gníomhaíochtaí a rinneadh le 3 mhí anuas críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar bhain socruithe bogearraí, aipe nó gairis a athrú (mar shampla teanga, dathanna, codarsnacht, méid an chló, barraí uirlisí/roghchlár a athrú)
	Scileanna digiteacha	CWRD1	Gníomhaíochtaí a bhaineann le bogearraí a rinneadh le 3 mhí anuas chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar bhain úsáid as bogearraí próiseála focal
	Scileanna digiteacha	CPRES2	Gníomhaíochtaí a bhaineann le bogearraí a rinneadh le 3 mhí anuas chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar bhain cruthú comhad (mar shampla doiciméad, íomhá, físeán) inar ionchorpraíodh roinnt gnéithe amhail téacs, pictiúr, tábla, cairt, beochan nó fuaim
	Scileanna digiteacha	CXLS1	Gníomhaíochtaí a bhaineann le bogearraí a rinneadh le 3 mhí anuas chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar baineadh úsáid as bogearraí scarbhileoige
	Scileanna digiteacha	CXLSADV1	Gníomhaíochtaí a bhaineann le bogearraí a rinneadh le 3 mhí anuas chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar baineadh úsáid as gnéithe casta bogearraí scarbhileoige (feidhmeanna, foirmlí, macraí agus feidhmeanna forbróra eile) chun sonraí a eagrú, a anailísiú, a struchtúrú nó a mhodhnú

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Scileanna digiteacha	CEPVA1	Gníomhaíochtaí a bhaineann le bogearraí a rinneadh le 3 mhí anuas chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar bhain eagar a chur ar ghrianghraif, físeán nó comhaid fuaime
	Scileanna digiteacha	CPRG2	Gníomhaíochtaí a bhaineann le bogearraí a rinneadh le 3 mhí anuas chun críoch oideachasúil, gairmiúil nó príobháideach lenar bhain cód a scríobh i dteanga ríomhchláraithe
	Scileanna digiteacha	UDI	Faisnéis nó ábhar (amhail físeáin, íomhánna) ar shuíomhanna gréasáin nuachta nó ar na meáin shóisialta a mheasann an freagróir a bheith bréagach nó amhrasach le 3 mhí anuas
	Scileanna digiteacha	TIC	Fírinneacht na faisnéise nó an ábhair atá ar shuíomhanna gréasáin nuachta nó ar na meáin shóisialta a sheiceáil an freagróir le 3 mhí anuas
	Scileanna digiteacha	TICCSFOI	Fírinneacht na faisnéise nó an ábhair atá ar an idirlíon a sheiceáil an freagróir tríd na foinsí a sheiceáil nó trí fhaisnéis eile a aimsiú ar an idirlíon (amhail suíomhanna gréasáin nuachta eile)
	Scileanna digiteacha	TICIDIS	Fírinneacht na faisnéise nó an ábhair atá ar an idirlíon a sheiceáil an freagróir trí phlé maidir leis an bhfaisnéis sin a leanúint nó páirt a ghlacadh ann ar an idirlíon
	Scileanna digiteacha	TICNIDIS	Fírinneacht na faisnéise nó an ábhair atá ar an idirlíon a sheiceáil an freagróir tríd an bhfaisnéis a phlé as líne le daoine eile nó trí úsáid a bhaint as foinsí nach bhfuil ar an idirlíon
	Scileanna digiteacha	TICXND	Fírinneacht na faisnéise nó an ábhair atá ar an idirlíon nár seiceáladh toisc go raibh a fhios ag an bhfreagróir cheana féin nach raibh an fhaisnéis, an t-ábhar nó an fhoinse iontaofa
	Scileanna digiteacha	TICXSKL	Fírinneacht na faisnéise nó an ábhair atá ar an idirlíon nár seiceáladh toisc nach raibh na scileanna nó an t-eolas ag an bhfreagróir déanamh amhlaidh
	Scileanna digiteacha	TICXOTH	Fírinneacht na faisnéise nó an ábhair atá ar an idirlíon nár seiceáladh ar chúiseanna eile
	Scileanna digiteacha	HM (roghnach)	Teachtaireachtaí a fuarthas ar líne le 3 mhí anuas a mheas an freagróir a bheith naimhdeach nó táireach do ghrúpaí daoine nó do dhaoine aonair i bhfíseáin, i mblaganna, i vlaganna, ar na meáin shóisialta nó ar shuíomhanna gréasáin nuachta (lena n-áirítear i roinn na mbarúlacha) (roghnach)
	Scileanna digiteacha	HMPS (roghnach)	Grúpaí daoine nó daoine aonair a ndearnadh ionsaí orthu nó ar díríodh orthu sna teachtaireachtaí a measadh a bheith naimhdeach nó táireach de thairbhe tuairimí polaitiúla nó sóisialta (roghnach)
	Scileanna digiteacha	HMSO (roghnach)	Grúpaí daoine nó daoine aonair a ndearnadh ionsaí orthu nó ar díríodh orthu sna teachtaireachtaí a measadh a bheith naimhdeach nó táireach de thairbhe gnéaschlaonta agus/nó féiniúlachtaí inscne (LADTIA+) (roghnach)

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Scileanna digiteacha	HMSE (roghnach)	Grúpaí daoine nó daoine aonair a ndearnadh ionsaí orthu nó ar díríodh orthu sna teachtaireachtaí a measadh a bheith naimhdeach nó táireach de thairbhe inscne (roghnach)
	Scileanna digiteacha	HMRE (roghnach)	Grúpaí daoine nó daoine aonair a ndearnadh ionsaí orthu nó ar díríodh orthu sna teachtaireachtaí a measadh a bheith naimhdeach nó táireach de thairbhe bunadh ciníoch nó eitneach (roghnach)
	Scileanna digiteacha	HMRB (roghnach)	Grúpaí daoine nó daoine aonair a ndearnadh ionsaí orthu nó ar díríodh orthu sna teachtaireachtaí a measadh a bheith naimhdeach nó táireach de thairbhe reiligiúin nó creidimh (roghnach)
	Scileanna digiteacha	HMD (roghnach)	Grúpaí daoine nó daoine aonair a ndearnadh ionsaí orthu nó ar díríodh orthu sna teachtaireachtaí a measadh a bheith naimhdeach nó táireach de thairbhe míchumais (roghnach)
	Scileanna digiteacha	HMA (roghnach)	Grúpaí daoine nó daoine aonair a ndearnadh ionsaí orthu nó ar díríodh orthu sna teachtaireachtaí a measadh a bheith naimhdeach nó táireach de thairbhe aoise (roghnach)
	Scileanna digiteacha	HMOTH (roghnach)	Grúpaí daoine nó daoine aonair a ndearnadh ionsaí orthu nó ar díríodh orthu sna teachtaireachtaí a measadh a bheith naimhdeach nó táireach de thairbhe saintréithe pearsanta eile (roghnach)
	Slándáil, príobháideachas, muinín	MAPS_RPS	Na nithe seo a leanas a dhéanamh chun rochtain ar shonraí pearsanta dílse (amhail ainm, dáta breithe, uimhir cárta aitheantais, sonraí teagmhála, uimhir cárta creidmheasa, grianghraif, suíomh geografach) a bhainistiú ar an idirlíon le 3 mhí anuas: ráitis maidir le beartas príobháideachais a léamh sula gcuirtear sonraí pearsanta ar fáil
	Slándáil, príobháideachas, muinín	MAPS_RRGL	Na nithe seo a leanas a dhéanamh chun rochtain ar shonraí pearsanta dílse (amhail ainm, dáta breithe, uimhir cárta aitheantais, sonraí teagmhála, uimhir cárta creidmheasa, grianghraif, suíomh geografach) a bhainistiú ar an idirlíon le 3 mhí anuas: rochtain ar shuíomh geografach an duine féin a shrianadh nó a dhiúltú
	Slándáil, príobháideachas, muinín	MAPS_LAP	Na nithe seo a leanas a dhéanamh chun rochtain ar shonraí pearsanta dílse (amhail ainm, dáta breithe, uimhir cárta aitheantais, sonraí teagmhála, uimhir cárta creidmheasa, grianghraif, suíomh geografach) a bhainistiú ar an idirlíon le 3 mhí anuas: rochtain ar phróifíl nó ar ábhar ar shuíomhanna gréasáin líonraithe shóisialta nó ar stóráil roinnte ar líne a theorannú
	Slándáil, príobháideachas, muinín	MAPS_RAAD	Na nithe seo a leanas a dhéanamh chun rochtain ar shonraí pearsanta dílse (amhail ainm, dáta breithe, uimhir cárta aitheantais, sonraí teagmhála, uimhir cárta creidmheasa, grianghraif, suíomh geografach) a bhainistiú ar an idirlíon le 3 mhí anuas: gan chead a thabhairt sonraí pearsanta a úsáid chun críoch fógraíochta
	Slándáil, príobháideachas, muinín	MAPS_CWSC	Na nithe seo a leanas a dhéanamh chun rochtain ar shonraí pearsanta dílse (amhail ainm, dáta breithe, uimhir cárta aitheantais, sonraí teagmhála, uimhir cárta creidmheasa, grianghraif, suíomh geografach) a bhainistiú ar an idirlíon le 3 mhí anuas: seiceáil gur suíomh gréasáin slán an suíomh gréasáin ar ar thug an freagróir sonraí pearsanta (amhail suíomhanna https, lógónna nó deimhnithe sábháilteachta)

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2515/oj

Topaic	Topaic mhionsonraithe	Aitheantóir na hathróige	Ainm na hathróige / tuairisc ar an athróg
	Slándáil, príobháideachas, muinín	MAPS_APD	Na nithe seo a leanas a dhéanamh chun rochtain ar shonraí pearsanta dílse (amhail ainm, dáta breithe, uimhir cárta aitheantais, sonraí teagmhála, uimhir cárta creidmheasa, grianghraif, suíomh geografach) a bhainistiú ar an idirlíon le 3 mhí anuas: rochtain a iarraidh ar riarthóir nó ar sholáthraí suíomhanna gréasáin nó inneall cuardaigh ar na sonraí atá acu faoin bhfreagróir chun iad a nuashonrú nó a scriosadh
	Slándáil, príobháideachas, muinín	PCOOK1	Socruithe a athrú sa bhrabhsálaí idirlín chun fianáin a chosc nó a theorannú ar cheann ar bith de ghairis an fhreagróra
	Slándáil, príobháideachas, muinín	CCOOK (roghnach)	Imní go bhfuil taifead á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar líne an fhreagróra chun fógraíocht shaincheaptha a sholáthar don fhreagróir (roghnach)
	Slándáil, príobháideachas, muinín	USLCOOK	Úsáid a bhaint as bogearraí a chuireann teorainn leis an gcumas gníomhaíochtaí an duine aonair ar an idirlíon a rianú ar cheann ar bith de ghairis an fhreagróra
	Slándáil, príobháideachas, muinín	IUACRG	Cuntas a bheith oscailte nó a bheith cláraithe le haip nó le seirbhís saor in aisce (amhail síntiús/ cuntas le haghaidh ríomhphost, na meán sóisialta, siopaí gréasáin, aipeanna le haghaidh ticéid iompair a cheannach, sruthú ceoil, cluichí)
	Slándáil, príobháideachas, muinín	IUACDL	An cuntas ar an aip nó ar an tseirbhís saor in aisce a scriosadh nó iarracht déanta é a scriosadh (nó a dhúnadh) (amhail ríomhphost, siopaí gréasáin, na meáin shóisialta, aipeanna le haghaidh ticéid iompair a cheannach, sruthú ceoil, cluichí) le 3 mhí anuas
	Slándáil, príobháideachas, muinín	IUACDLP	Fadhbanna a bhí ann agus iarracht á déanamh an cuntas ar aip nó ar sheirbhís saor in aisce a scriosadh (amhail deacracht teacht ar bhealach chun an cuntas a scriosadh, méid díréireach ama a chaitheamh chun é a dhéanamh, saincheisteanna teicniúla, coinníollacha do-ghlactha maidir le tarraingt siar, neamhábaltacht é a dhéanamh) le 3 mhí anuas

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj). Sainítear na leibhéil dearbhaithe shuntasacha agus arda i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1502 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 maidir lenár n-íosmhéid sonraíochta teicniúla agus nósanna imeachta a leagan síos le haghaidh leibhéil dearbhaithe maidir le modhanna ríomh-shainaitheantais de bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1502/oj).